Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2021
(OR. en)

8635/21

IXIM 83
JAI 520
AVIATION 117
JAIEX 58

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7376/2/21 REV 2 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le sonraí ón Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú chuig tríú tíortha, go háirithe chuig an Astráil agus na Stáit Aontaithe, chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach a chomhrac<br>- *Formheas* |

1. Mhol an Uachtaránacht an seasamh ón gComhairle maidir leis an tsaincheist i leith sonraí ón Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a mhalartú le tríú tíortha trí bhíthin ‘Conclúidí ón gComhairle maidir le haistriú sonraí PNR chuig tríú tíortha, go háirithe chuig an Astráil agus na Stáit Aontaithe, chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach a chomhrac’.

2. Is é príomhtheachtaireacht na gConclúidí ón gComhairle a chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá malartú sonraí PNR agus go gcomhlíonann sé cearta bunúsacha agus go mbeidh idirphlé fóinteach idir an tAontas Eorpach agus a chuid comhpháirtithe domhanda ina leith sin.

3. Bhí réamhthacaíocht ann do na dréachtchonclúidí ón gComhairle (7376/21) tar éis malartú tuairimí a bheith ann den chéad uair ina leith ag cruinniú VTC den Mheitheal um Malartú Faisnéise CGB (IXIM) an 21 Aibreán 2021, ar lena linn a chomhaontaigh comhaltaí Mheitheal IXIM moladh na hUachtaránachta go gcuirfidh comhairleoirí CGB bailchríoch ar an dréacht.

4. Ag an gcruinniú VTC a bhí acu an 7 Bealtaine 2021, tháinig Comhairleoirí CGB ar chomhaontú faoi na dréachtchonclúidí ón gComhairle, faoi réir an bhreisithe a leagtar amach sa chéad leagan athbhreithnithe. Níor cuireadh aon bharúil faoi bhráid na hArdrúnaíochta taobh istigh den sprioc-am a socraíodh (Dé Luain, an 10 Bealtaine 2021, 13.00). Thairis sin, níor tíolacadh aon bharúil taobh istigh den sprioc-am a socraíodh (Dé Céadaoin, an 12 Bealtaine 2021, 10.00) faoin dara leagan athbhreithnithe lena n-áirítear an dara breisiú.

5. Ós rud é nár thug aon toscaireacht fógra faoi fhorchoimeádas faoi na dréachtchonclúidí athbhreithnithe ón gComhairle, meastar go bhfuil an dréacht comhaontaithe mar a leagtar amach in 7376/2/21 REV 2 é.

*6. Iarrtar ar Coreper na dréachtchonclúidí ón gComhairle atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo a thíolacadh don Chomhairle agus a mholadh go bhformheasfaidh sí na Conclúidí sin mar mhír 'A' ar a clár oibre .*

**IARSCRÍBHINN**

**Dréacht-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE maidir le sonraí ón Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú chuig tríú tíortha, go háirithe chuig an Astráil agus na Stáit Aontaithe, chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach a chomhrac**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

1. Á CHOIMEÁD I gCUIMHNE DI an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Astráil maidir le haeriompróirí do phróiseáil agus d'aistriú sonraí Taifid Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chuig Seirbhís Custaim agus Cosanta Teorann na hAstráile[1], agus an Comhaontú idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tAontas Eorpach maidir le taifid ainmneacha paisinéirí a úsáid agus a aistriú chuig Roinn Slándála Dúiche na Stát Aontaithe[2] ('na Comhaontuithe'), a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2012 agus an 1 Iúil 2012 faoi seach,

2. Á CHUR I dTÁBHACHT DI gurb é is aidhm leis na Comhaontuithe sin slándáil a áirithiú agus beatha agus sábháilteacht an phobail a chosaint, agus na coinníollacha a leagan amach faoina bhféadfar sonraí PNR arb é an tAontas is foinse dóibh a aistriú, a phróiseáil agus a úsáid, agus an modh ina ndéanfar na sonraí sin a chosaint,

3. Á MHEABHRÚ DI go leagtar amach i dTreoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle na coinníollacha agus na coimircí maidir le sonraí PNR a fháil agus a phróiseáil, ar sonraí iad faoi eitiltí a sceidealaítear chun tuirlingt i mBallstáit an Aontais Eorpaigh nó chun imeacht uathu, arna mbailiú ag aerlínte i dtríú tíortha, lena n-áirítear sna Stáit Aontaithe agus san Astráil,

---

1 IO L 186, 14.7.2012, lch. 4.
2 IO L 215, 11.8.2012, lch. 5.

4. ÓS RUD É gur chuir an Coimisiún na Tuarascálacha[3] maidir leis an athbhreithniú comhpháirteach agus an mheastóireacht chomhpháirteach ar chur chun feidhme Chomhaontú PNR idir an tAontas Eorpach agus an Astráil, agus maidir leis an meastóireacht chomhpháirteach ar Chomhaontú PNR idir na Stáit Aontaithe agus an tAontas Eorpach, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 12 Eanáir 2021, agus gur réamhphléadh iad an 3 Feabhra 2021 i bhfíschomhdháil neamhfhoirmiúil chomhaltaí na Meithle um Malartú Faisnéise CGB (IXIM),

5. Á CHUR I dTÁBHACHT DI gur léirigh an dá mheastóireacht chomhpháirteacha breisluach agus éifeachtacht oibríochtúil Chomhaontuithe PNR leis an Astráil agus leis na Stáit Aontaithe araon I gcomhrac na sceimhlitheoireachta agus na coireachta tromchúisí trasnáisiúnta, eadhon rialuithe éifeachtacha ag teorainneacha a éascú, taisteal sceimhlitheoireachta a chosc, cabhrú le daoine aonair a aithint atá páirteach sa choireacht eagraithe amhail gáinneáil, agus sceimhlitheoireacht agus coireacht eagraithe a imscrúdú agus a ionchúiseamh,

6. Á ADMHÁIL DI na hiarrachtaí atá déanta ag an Astráil agus ag na Stáit Aontaithe ceanglais na gComhaontuithe a chomhlíonadh i ngnéithe teicniúla agus eagraíochtúla araon, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta paisinéirí a chosaint,

7. Á AITHINT DI nach bhfuil roinnt gnéithe sna Comhaontuithe, in ainneoin na gcosaintí iomadúla atá iontu, ag teacht go hiomlán le Tuairim 1/15 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a eisíodh an 26 Iúil 2017 tar éis theacht i bhfeidhm na gComhaontuithe agus a bhaineann leis an gComhaontú PNR atá beartaithe le Ceanada,

---

3 *Report from the Commission to the European Parliament and the Council on the joint review of the implementation of the Agreement between the European Union and Australia on the processing and transfer of Passenger Name Record (PNR) data by air carriers to the Australian Customs and Border Protection Service* [Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an athbhreithniú comhpháirteach ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Astráil maidir le haeriompróirí do phróiseáil agus d'aistriú sonraí Taifid Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chuig Seirbhís Custaim agus Cosanta Teorann na hAstráile] (5288/21 + ADD 1).
*Report from the Commission to the European Parliament and the Council on the joint evaluation of Agreement between the European Union and Australia on the processing and transfer of Passenger Name Record (PNR) data by air carriers to the Australian Customs and Border Protection Service* [Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an meastóireacht chomhpháirteach ar an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Astráil maidir le haeriompróirí do phróiseáil agus d'aistriú sonraí Taifid Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chuig Seirbhís Custaim agus Cosanta Teorann na hAstráile] (5285/21 + ADD 1).
*Report from the Commission to the European Parliament and the Council on the joint evaluation of the Agreement between the United States of America and the European Union on the use and transfer of passenger name records to the United States Department of Homeland Security* [Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an meastóireacht chomhpháirteach ar an gComhaontú idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tAontas Eorpach maidir le taifid ainmneacha paisinéirí a úsáid agus a aistriú chuig Roinn Slándála Dúiche na Stát Aontaithe] (5291/21 + ADD 1).

8. Á THABHAIRT DÁ hAIRE DI na seasaimh a chuir an Astráil agus na Stáit Aontaithe in iúl, go háirithe maidir lena thábhachtaí agus a riachtanaí atá sé sonraí stairiúla PNR a choinneáil chun a ngníomhaíochtaí forfheidhmithe dlí a chomhlíonadh go héifeachtach,

9. Á CHUR I dTREIS DI go bhfuil cuspóirí na gComhaontuithe comhsheasmhach leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta maidir le sonraí PNR a bhailiú, a phróiseáil agus a mhalartú i gcomhréir leis na Rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe[4], lena gceanglaítear ar gach Stát an cumas a fhorbairt sonraí PNR a bhailiú agus a úsáid, ar dá réir a ghlac an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) na Caighdeáin agus na Cleachtais Mholta (SARPanna) maidir le PNR in 2020 trí bhíthin Leasú 28 ar Iarscríbhinn 9 de Choinbhinsiún Chicago,

10. Á THABHAIRT DÁ hAIRE DI an seasamh ón Aontas a bunaíodh le Cinneadh (AE) 2021/121 ón gComhairle[5] lena bhfáiltítear roimh theacht i bhfeidhm na SARPanna sin agus, trí dhifríocht a chlárú, lena gcuirtear in iúl do ICAO agus dá Stáit chonarthacha an chaoi a bhfuil sé ar intinn ag Ballstáit an Aontais na Caighdeáin a chur chun feidhme i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh mar a léirítear i dTuairim 1/15 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh,

11. AGUS AIRD AR LEITH Á DÍRIÚ AICI ar Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh mar chuid dhílis de chóras ilsrathach cosanta cearta bunúsacha an Aontais, agus ar na Conclúidí ón gComhairle a glacadh le déanaí maidir le cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha san Aontas Eorpach[6] a neartú,

12. Á CHUR I dTÁBHACHT DI na comhaontuithe um chomhar domhanda atá déanta ag an Aontas, go háirithe leis na Stáit Aontaithe, i gcomhrac na sceimhlitheoireachta,

13. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur ghlac an Coimisiún an tuarascáil maidir leis meastóireacht chomhpháirteach ar Chomhaontú PNR leis na Stáit Aontaithe, agus an tuarascáil maidir leis an meastóireacht chomhpháirteach agus maidir leis an athbhreithniú comhpháirteach ar Chomhaontú PNR leis an Astráil,

---

4 Rún 2396 (2017) – arna ghlacadh ag an gComhairle Slándála ag an 8148ú cruinniú dá cuid, an 21 Nollaig 2017 agus Rún 2482 (2019) – arna ghlacadh ag an gComhairle Slándála ag an 8582ú cruinniú dá cuid, an 19 Iúil 2019.

5 IO L 37, 3.2.2021, lch. 6.

6 6795/21.

14. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur léiríodh go soiléir leis na sonraí PNR a fhaightear faoi na Comhaontuithe sin gur tacar sonraí uathúil iad atá ríthábhachtach chun filleadh trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta a chosc agus chun, go háirithe, coireanna drugaí agus dúshaothrú leanaí a chomhrac,

15. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil malartuithe sonraí PNR leis na tíortha comhpháirtíochta sin fós ríthábhachtach chun ár slándáil phoiblí chomhchoiteann a áirithiú,

16. IS MÓR AICI go leanfar den idirphlé leis an dá thír chun obair a dhéanamh ar na moltaí ó na meastóireachtaí comhpháirteacha, gan éifeachtacht oibríochtúil na gComhaontuithe a chur i mbaol,

17. MOLANN SÍ don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí leantacha is gá i ndáil leis na meastóireachtaí comhpháirteacha,

18. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé a áirithiú go ndéanfar sonraí PNR a mhalartú agus a phróiseáil agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha agus do cheanglais an Aontais maidir le cosaint sonraí,

19. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, agus Tuairim 1/15 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais á comhlíonadh aici, chun an leas is mó is féidir a bhaint as sonraí PNR agus chun críocha an mhalartaithe idirnáisiúnta i gcás sonraí PNR a shaothrú, go bhfuil sé ríthábhachtach iad a choinneáil ar feadh tréimhse leordhóthanach,

20. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún cur chuige comhsheasmhach agus éifeachtach a shaothrú maidir le sonraí PNR a aistriú chuig tríú tíortha chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach a chomhrac, ag tógáil ar SARPanna ICAO, agus i gcomhréir leis na ceanglais ábhartha a bhunaítear faoi dhlí an Aontais.